Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**7984/20**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0076(NLE)**

**ACP 27**
**WTO 78**
**COAFR 137**
**RELEX 326**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 192 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste CCE arna bhunú leis an gcomhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, maidir le glacadh an nós imeachta um réiteach díospóidí agus cóid iompair na n-eadránaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 192 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2020) 192 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2020
COM(2020) 192 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste CCE arna bhunú leis an gcomhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, maidir le glacadh an nós imeachta um réiteach díospóidí agus cóid iompair na n-  eadránaithe**

GA GA

DRÉACHT

**CHINNEADH UIMH. 1/2020 Ó CHOISTE CCE**
**arna thabhairt isteach leis an gcomhaontú chomhpháirtíochta eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile,**

**an …**

**lena nglactar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus cód iompair na n-eadránaithe**

TÁ COISTE CCE,

ag féachaint don chomhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (dá ngairfear 'An Comhaontú' anseo feasta), arna shíniú sa Bhruiséil an 26 Samhain 2008 agus feidhm shealadach aige ón 3 Meán Fómhair 2016 i leith agus go háirithe mír 1 d'Airteagal 59(1) agus Airteagal 73 de,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear i mír 1 d'Airteagal 59 den Chomhaontú go ndéanfar na nósanna imeachta dá bhforáiltear i gCaibidil 3 (Nósanna imeachta um réiteach díospóidí) de Theideal V (Cosc agus réiteach díospóidí) den Chomhaontú a rialáil leis na rialacha nós imeachta um réiteach díospóidí a ghlacfaidh Coiste CCE,

(2) De réir Airteagal 73 den Chomhaontú sin, chun é a chur chun feidhme, is air Choiste CCE atá an cúram na réimsí uile atá cumhdaithe leis an gComhaontú sin a riar agus na cúraimí uile atá luaite ann a chur díobh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Bunaítear an nós imeachta um réiteach díospóidí agus cód iompair na n-eadránaithe de réir mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn.

2. Is gan dochar do na rialacha sonracha arna mbunú leis an gComhaontú nó do na rialacha a fhéadfaidh an Coiste CCE a ghlacadh a bhunaítear na rialacha nósanna imeachta agus an cód iompair sin.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ó lá a shínithe amach.

Arna dhéanamh i/sa [áit] an [dáta]

*Thar ceann Phoblacht an Chósta Eabhair* *Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

# IARSCRÍBHINN

# AN NÓS IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

*Airteagal 1*

## Sainmhínithe

Agus na rialacha nós imeachta seo á gcur i bhfeidhm, ciallaíonn:

**Comhairleoir**: duine nádúrtha atá fostaithe ag páirtí nó comhairleoir chun comhairle nó cúnamh a thabhairt don pháirtí i gcomhthéacs nós imeachtaí eadrána;

**Painéal eadrána**: painéal arna chur ar bun faoi Airteagal 50 den Chomhaontú;

**Eadránaí**: comhalta de phainéal eadrána arna chur ar bun faoi Airteagal 50 den Chomhaontú;

**Cúntóir**: duine nádúrtha a dhéanann, de bhua sainordú ó eadránaí, taighde dó sin nó a chuidíonn leis a dhualgais a dhéanamh;

**Lá**: lá féilire;

**Lá nach lá oibre**: an Satharn, an Domhnach agus gach lá eile arna shainiú ag páirtí amháin mar lá saoire faoi chur i bhfeidhm na rialacha seo;

**Ionadaí páirtí**: fostaí nó aon duine nádúrtha arna cheapadh ag roinn nó gníomhaireacht nó aon eintiteas poiblí eile de chuid páirtí a dhéanann ionadaíocht dó/di sin le linn díospóide a bhaineann leis an gComhaontú seo;

**Páirtí cúisithe**: an páirtí a bhfuil líomhain ina leith gur sháraigh sé forálacha dá dtagraítear in Airteagal 46 den Chomhaontú;

**Páirtí gearánach**: an páirtí atá ag iarraidh go gcuirfear painéal eadrána ar bun de bhun Airteagal 49 den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

## Raon feidhme

1. Leis na forálacha san Iarscríbhinn seo, comhlánaítear agus mionsonraítear an Comhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche sealadach idir an Cósta Eabhair, de pháirt agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (dá ngairfear ‘An Comhaontú’ anseo feasta), go háirithe Airteagal 49 de agus na hAirteagail ina dhiaidh a bhaineann leis an eadráin.
2. Is é is aidhm do na rialacha nós imeachta seo, an deis a thabhairt do na páirtithe na díospóidí is féidir a thiocfaidh chun cinn eatarthu a réiteach le sásra réitigh a bhfuil an dá pháirtí sásta leis trí shásra eadrána.
3. Féadfaidh ceachtar den dá pháirtí dul i muinín na headrána faoi chuimse chur chun feidhme an Chomhaontaithe comhpháirtíochta eacnamaíche idir an Cósta Eabhair, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, chun díospóidí is féidir a thiocfaidh chun cinn eatarthu a réiteach.

*Airteagal 3*

**Cur ar siúl na n-imeachtaí eadrána agus fógraí**

1. Measfar na himeachtaí eadrána a bheith ar siúl ar an dáta a gheobhaidh an páirtí eile a bheidh cúisithe agus Coiste CCE an iarraidh ar chur ar bun ó phainéal eadrána i gcomhréir le hAirteagal 49.2 den Chomhaontú.

2. Ciallaíonn "fógra", de réir bhrí na rialacha nós imeachta seo, aon iarraidh, aon tuairim, aon teachtaireacht scríofa nó aon doiciméad eile a bhaineann leis na himeachtaí eadrána, más amhlaidh:

   a) gur in aon am amháin a seoladh gach fógra ón bpainéal eadrána chuig an dá pháirtí;

   b) gach fógra ó pháirtí a raibh an painéal eadrána ina sheolaí aige, gur seoladh cóip de san am céanna chuig bpáirtí eile;

   c) gach fógra ó pháirtí a raibh an páirtí eile ina sheolaí aige, gur seoladh cóip de, dá mb'iomchuí, san am céanna chuig bpainéal eadrána.

3. Seolfar gach fógra trí ríomhphost nó, más iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile lenar féidir taifead a dhéanamh de sheoladh an fhógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur ar an dáta seolta a seachadadh an fógra sin.

4. Seolfar gach fógra chuig Ard-Stiúrthóireacht Thrádála Choimisiún Eorpach an Aontais Eorpaigh agus chuig an gcomhordaitheoir a cheap an Cósta Eabhair.

5. Féadfar mion-earráidí scríofa sna fógraí a cheartú a bhaineann leis na himeachtaí eadrána ach fógra nua a sheoladh ina sonrófar go soiléir cé na mionathruithe a rinneadh.

6. Más lá nach lá oibre an lá deiridh le fógra a thabhairt do pháirtí an Chósta Eabhair nó don Aontas Eorpach, féadfar an fógra a sheachadadh an chéad lá oibre dá éis sin. Ní mheasfar go ndearnadh an seachadadh ar lá nach lá oibre i gcás fógra de chineál ar bith ná aon iarraidh.

7. De réir chineál na gceisteanna is ábhar do na himeachtaí, seolfar cóip d'aon iarraidh agus d'aon fhógra a mbeidh Coiste CCE ina sheolaí aici/aige chuig na comhlachtaí institiúideacha eile lena mbaineann chomh maith i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta seo.

*Airteagal 4*

**Na headránaithe a cheapadh**

1. I gcás ina gceapfar eadránaí le crannchur i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chomhaontú, cuirfidh Cathaoirleach Choiste CCE in iúl gan mhoill do na páirtithe cén dáta agus cén t-am a rinneadh é agus cén áit ndearnadh é.

2. Féadfaidh na páirtithe freastal ar an gcrannchur agus is ina bhfianaise déanfar é.

3. Is i scríbhinn chuirfidh Cathaoirleach CCE in iúl do gach duine a roghnaíodh gur ceapadh é ina eadránaí. Dearbhóidh gach duine don dá pháirtí go bhfuil sé ar fáil laistigh de na cúig lá dá éis sin ón dáta a cuireadh in iúl dó gur ceapadh é.

4. Is as na daoine a mhol ceann de na páirtithe nó an dá pháirtí go hoifigiúil a roghnófar na headránaithe le crannchur más rud é nár tiomsaíodh an liosta eadránaithe dá

dtagraítear in Airteagal 64 den Chomhaontú nó nach leor an líon ainmneacha ann faoin am a dhéanfar an iarraidh de bhun mhír 2 d'Airteagal 50 den Chomhaontú.

*Airteagal 5*

**Comhairliúchán idir na páirtithe agus an painéal eadrána**

1. Mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe acu, tiocfaidh na páirtithe agus an painéal eadrána le chéile laistigh de 7 lá ó chur ar bun an phainéil chun a shocrú cé na ceisteanna a mheasann na páirtithe nó an painéal eadrána a bheith iomchuí, lena n-áirítear:

   (a) An luach saothair agus an caiteachas atá le híoc leis na headránaithe, dhá ní a bheidh i gcomhréir le caighdeáin EDT;

   (b) Luach saothair gach cúntóra eadránaí, rud nach mbeidh ina iomláine os cionn 50 % de luach saothair iomlán an eadránaí sin;

   (c) Féilire na n-imeachtaí.

2. Féadfaidh na headránaithe agus ionadaithe na bpáirtithe páirt a ghlacadh sa chruinniú sin ar an bhfón nó i bhfíschomhdháil.

3. Mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na páirtithe laistigh de 5 lá ó dháta chur ar bun an phainéil eadrána, seo a leanas sainordú an phainéil eadrána:

   *"Scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe, ar an gceist atá luaite san iarraidh ar phainéal eadrána a chur ar bun, breithiúnas a thabhairt an bhfuil an beart atá i gceist ag teacht leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 46 den Chomhaontú, agus cinneadh a thabhairt i gcomhréir le hAirteagail 52, 62 agus 63 den Chomhaontú."*

4. Cuirfidh na páirtithe in iúl don phainéal eadrána cén sainordú a shocraigh siad eatarthu laistigh de 3 lá ó rinneadh an socrú sin.

*Airteagal 6*

**Teachtaireachtaí i scríbhinn**

Cuirfidh an páirtí gearánach isteach teachtaireacht tosaigh is scríbhinn 20 lá ar a dhéanaí ó dháta cur ar bun an phainéil eadrána speisialta. Cuirfidh an páirtí cúisithe isteach teachtaireacht frisnéise i scríbhinn 20 lá ar a dhéanaí ó chur isteach na teachtaireachta tosaigh i scríbhinn.

*Airteagal 7*

**Feidhmiú na ngrúpaí eadrána speisialta**

1. Is é uachtarán an phainéil eadrána a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh painéal eadrána an chumhacht déanta cinntí riaracháin agus nós imeachta sa réimse lena mbaineann a tharmligean chuig uachtarán an phainéil.

2. I gcomhréir le Airteagal 9 de na rialacha nós imeachta seo, freastalóidh na headránaithe agus na daoine ar tugadh cuireadh dóibh ar an gcruinniú. Mura bhfuil a

mhalairt sonraithe sa Chomhaontú nó sna rialacha nós imeachta seo agus gan dochar do mhír 5 d'Airteagal 9 de na rialacha nós imeachta seo, féadfaidh an painéal eadrána a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an bhfón, le fótachóipeálaí nó le haon mhodh eile, modhanna ríomhaireachta san áireamh.

3. Is iad na headránaithe amháin a fhéadfaidh páirt a ghlacadh i bplé an phainéil eadrána, ach féadfaidh an painéal eadrána cead a thabhairt dá chúntóirí freastal ar an bplé sin.

4. Is ar an bpainéal eadrána amháin atá an cúram foclaíocht an chinnidh a shocrú agus ní féidir an cúram sin a tharmligean.

5. Ní mór socruithe, cinntí agus moltaí an phainéil eadrána dá dtagraítear in Airteagail 51 agus 52 den Chomhaontú a dhéanamh d'aon toil a mhéid is féidir. mura féidir iad a dhéanamh d'aon toil, is le móramh de chomhaltaí an phainéil a dhéanfar iad. Ní fhéadfaidh na headránaithe tuairimí aonair a thabhairt ar cheisteanna nach bhfuil gach duine sa phainéal ar aon tuairim fúthu.

6. Nuair a bheidh ceist nós imeachta ann agus gan í cumhdaithe le forálacha Theideal V den Comhaontú (Cosc agus réiteach díospóidí), féadfaidh an painéal eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht leis na forálacha lena n-áirithítear go gcaithfear go comhionann leis na páirtithe.

7. Cuirfidh an painéal eadrána in iúl do na páirtithe i scríbhinn cé na cúiseanna a bhí leis an mionathrú nó leis an gcoigeartú chomh maith leis an teorainn ama agus leis an gcoigeartú ba ghá, má mheasann sé gur gá ceann de na teorainneacha ama nós imeachta a mhionathrú seachas na teorainneacha ama i dTeideal V den Chomhaontú (Cosc agus réiteach díospóidí), nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin a dhéanamh. Féadfaidh an painéal eadrána leasuithe nó coigeartuithe a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe.

8. Féadfar gach teorainn ama atá leagtha síos sna rialacha seo a athrú le comhthoil na bpáirtithe. Arna iarraidh sin ag páirtí, féadfaidh an painéal eadrána na teorainneacha ama is infheidhme faoi chuimsiú an nós imeachta a mhionathrú.

9. Arna iarraidh sin ag an dá pháirtí, cuirfidh an painéal eadrána na himeachtaí ar fionraí tráth ar bith ar feadh tréimhse arna comhaontú ag na páirtithe, tréimhse nach mó ná 12 mhí i ndiaidh a chéile.

10. I gcás fionraí, cuirfear síneadh leis na teorainneacha ama ábhartha, síneadh a bheidh ar comhfhad le tréimhse fionraí na n-imeachtaí os comhair an phainéil speisialta eadrána. Atosóidh an painéal eadrána na himeachtaí aon tráth arna iarraidh sin ag na páirtithe le chéile nó i ndeireadh na tréimhse fionraí a comhaontaíodh má d'iarr ceann de na páirtithe sin i scríbhinn. Cuirfear fógra faoin iarraidh chuig Cathaoirleach an phainéil eadrána agus chuig an páirtí eile, más iomchuí. Má cuireadh na himeachtaí a bhí os comhair an phainéil ar fionraí ar feadh níos mó ná 12 mhí as a chéile, rachadh an chumhacht a tugadh le haghaidh chur ar bun an phainéil eadrána as feidhm, agus beidh na himeachtaí os comhair an phainéil eadrána dúnta. Féadfaidh na páirtithe comhaontú a dhéanamh tráth ar bith deireadh a chur leis na himeachtaí faoi bhráid an phainéil eadrána. Cuirfidh na páirtithe fógra go comhpháirteach faoin gcomhaontú sin chuig Cathaoirleach an phainéil eadrána.

11. Beidh deireadh obair an phainéil eadrána gan dochar do chearta na bpáirtithe in imeachtaí eile faoin gceist chéanna de bhun Theideal V den Chomhaontú (Díospóidí a chosc agus a réiteach).

*Airteagal 8*

**Ionadú**

1. Mura féidir le headránaí páirt a ghlacadh sna himeachtaí, má tharraingíonn sé siar nó más gá é a ionadú, roghnófar eadránaí nua i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chomhaontú.

2. Má shíleann páirtí nach bhfuil eadránaí ag comhlíonadh cheangal an chóid iompair agus gur cheart é a ionadú dá bhrí sin, cuirfidh an páirtí sin fógra chuig an bpáirtí eile laistigh de 15 lá tar éis an dáta a tháinig sé ar an eolas faoi na himthosca is bunús leis an sárú atáthar a mhaíomh a rinne an t-eadránaí ar an gcód iompair atá leagtha síos.

3. Rachaidh na páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá tar éis dáta an fhógra atá luaite i mír 2. Cuirfidh na páirtithe fógra chuig an eadránaí faoin sárú líomhnaithe agus féadfaidh siad a iarraidh air bearta a dhéanamh chun é a chur ina cheart. Lena chois sin, féadfaidh siad, má thagann siad ar chomhaontú faoi sin, an t-eadránaí a chur as oifig agus eadránaí nua a roghnú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach i mír 2 d'Airteagal 50, agus, más iomchuí, i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 50 den Chomhaontú.

4. Murar éirigh leis na páirtithe a chomhaontú gur gá eadránaí seachas an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist sin faoi bhráid chathaoirleach an phainéil eadránaí, agus ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar chinneadh an chathaoirligh.

5. Más rud é, de réir an iarrata, go ndearna an cathaoirleach amach gur sháraigh an t-eadránaí ceanglais chód iompair na n-eadránaithe, roghnófar an t-eadránaí nua i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 50 den Chomhaontú.

6. Má mheasann páirtí go bhfuil an painéal eadrána ag sárú cheanglais chód iompair na n-eadránaithe, rachaidh na páirtithe i gcomhairle le chéile, agus, má bhíonn siad ar aon fhocal faoi sin siad faoi sin, cuirfidh siad an cathaoirleach as oifig agus roghnóidh siad eadránaí nua i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 50 den Chomhaontú.

7. Má chlis ar na páirtithe teacht a chomhaontú an gá an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist faoi bhráid duine de na daoine ar an liosta, daoine a roghnaíodh chun bheith ina chathaoirleach ar an bpainéal eadrána a bunaíodh de bhua Airteagal 64 den Chomhaontú. Roghnóidh cathaoirleach Choiste CCE é a roghnú le crannchur. Is é an duine a roghnaíodh amhlaidh a chinnfidh cé acu a sháraigh nó nár sháraigh an cathaoirleach ceanglais chód iompair na n-eadránaithe. Ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar an gcinneadh sin.

8. Má chinntear gur sháraigh an cathaoirleach ceanglais chód iompair na n-eadránaithe, roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 50 den Chomhaontú.

*Airteagal 9*

**Éisteacht ó bhéal**

1. Ar bhun na féilire a bheidh leagtha amach i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 5 agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe agus leis na headránaithe eile, cuirfidh cathaoirleach an phainéil eadrána na páirtithe ar an eolas faoi dháta, am agus áit na héisteachta. An páirtí ar a bhfuil cúram riarachán lóistíochta na n-imeachtaí, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil don phobal, faoi réir Airteagal 11.

2. Mura mbeidh a mhalairt de chomhaontú déanta ag na páirtithe, is sa Bhruiséil a bheidh an éisteacht más é páirtí an Chósta Eabhair é an páirtí gearánach, agus in Abidjan más é an tAontas Eorpach é an páirtí gearánach.

3. Féadfaidh an painéal eadrána éisteachtaí breise a thionól má chomhaontaíonn na Páirtithe air sin.

4. Beidh na headránaí uile i láthair ó thús go deireadh na héisteachta.

5. Féadfaidh na daoine seo a leanas a bheith i láthair ag an éisteacht, bíodh na himeachtaí oscailte don phobal nó na bídís.

   a) ionadaithe na bpáirtithe;

   b) comhairleoirí na bpáirtithe;

   c) na baill foirne riaracháin, na hateangairí, na haistreoirí agus na luathscríbhneoirí cúirte;

   d) cúntóirí na n-eadránaithe;

   e) na saineolaithe a roghnaigh an painéal eadrána i gcomhréir le hAirteagal 60 den Chomhaontú.

6. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta na héisteachta, seolfaidh gach páirtí chuig an bpainéal eadrána agus chuig an bpáirtí eile liosta ainmneacha na ndaoine nádúrtha a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an pháirtí sin agus ainmneacha ionadaithe agus comhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

7. Stiúrfaidh an painéal eadrána an éisteacht ar an gcaoi seo a leanas agus áiritheoidh siad go mbeidh an méid ama labhartha céanna ag an bpáirtí gearánach agus ag an bpáirtí is ábhar don ghearán:

   ***Na hargóintí***

   a) argóint an pháirtí ghearánaigh;

   b) argóint an pháirtí is ábhar don ghearán;

   ***Frithargóintí***

   a) freagra an pháirtí ghearánaigh;

   b) frithfhreagra an pháirtí is ábhar don ghearán;

8. Féadfaidh an painéal eadrána ceisteanna a chur ar cheachtar den dá pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.

9. Déanfaidh an painéal eadrána socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 15 lá tar éis na héisteachta. Féadfaidh na páirtithe barúil a thabhairt faoi na miontuairiscí agus féadfaidh an painéal iad a chur san áireamh, laistigh de 5 lá tar éis scaipeadh an doiciméid sin.

10. Laistigh de 10 lá ó dháta na héisteachta, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí teachtaireacht bhreise i scríbhinn maidir leis an gceist a ardaíodh le linn na héisteachta a thabhairt do na headránaithe agus chuig an bpáirtí eile

*Airteagal 10*

**Ceisteanna i scríbhinn**

1. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid páirtí amháin nó faoi bhráid an dá pháirtí. Gheobhaidh gach ceann de na páirtithe cóip de gach ceist a chuir an painéal eadrána isteach.

2. Lena chois sin, tabharfaidh gach páirtí cóip dá fhreagraí i scríbhinn ar cheisteanna an phainéil eadrána don pháirtí eile. Beidh deis ag gach páirtí barúlacha i scríbhinn faoi fhreagra an pháirtí eile a chur ar fáil laistigh de 5 lá ó dháta an fhreagra sin.

*Airteagal 11*

**Trédhearcacht agus rúndacht**

1. Áiritheoidh gach páirtí agus an painéal eadrána go gcoinneofar faoi rún gach faisnéis a chuir an páirtí eile isteach chuig an bpainéal eadrána agus ar leag an páirtí sin síos go raibh sí rúnda. An páirtí a chuirfidh teachtaireacht chuig an bpainéal eadrána ina bhfuil faisnéis rúnda, cuirfidh sé ar fáil chomh maith, laistigh de 15 lá ó cuireadh an teachtaireacht, leagan neamhrúnda di ar féidir í a nochtadh don phobal.

2. Ní chuirfidh na rialacha nós imeachta seo aon chosc ar pháirtí a bharúlacha féin a nochtadh don phobal ar choinníoll nach nochtfaidh sé faisnéis a fuair sé ón bpáirtí eile ar leag an páirtí sin síos gur faisnéis rúnda í nuair a bheidh sé ag tagairt d'fhaisnéis a fuair sé ón bpáirtí sin.

3. Is i seisiún dúnta a thiocfaidh an painéal eadrána le chéile nuair a bheidh faisnéis trádála rúnda sa teachtaireacht ó pháirtí amháin nó na hargóintí uaidh. Coinneoidh na páirtithe éisteachtaí an phainéil eadrána faoi rún nuair a thiocfaidh siad le chéile i seisiún dúnta.

*Airteagal 12*

**Teagmhálacha *ex parte***

1. Ní thiocfaidh an painéal eadrána le cheile le páirtí amháin ná ní bheidh cumarsáid aige le páirtí amháin gan an páirtí eile a bheith i láthair.

2. Ní fhéadfaidh aon eadránaí aon ghné den cheist atá faoi scrúdú sna himeachtaí le páirtí amháin na leis an dá pháirtí gan na headránaithe eile a bheith i láthair.

*Airteagal 13*

**Teachtaireachtaí *amicus curiae***

1. Féadfaidh daoine neamhrialtasacha atá bunaithe i gcríoch páirtí pléadálacha *amicus curiae* i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil eadrána i gcomhréir le míreanna 2 go 5.

2. Mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na páirtithe laistigh de 5 lá ó dháta chur ar bun an phainéil eadrána, féadfaidh an painéal teachtaireachtaí i scríbhinn nár iarradh a ghlacadh, ar choinníoll go gcuirfear ar fáil iad laistigh de 10 lá ó dháta chur ar bun an phainéil eadrána, go mbaineann siad go díreach leis an gceist a bheidh faoi scrúdú ag an bpainéal eadrána, agus nach mbeidh níos mó ná 15 leathanach clóite in aon cheann acu, na hiarscríbhinní san áireamh.

3. Beidh tuairisc i ngach teachtaireacht ar an duine atá á cur ar fáil, bíodh sé ina dhuine nádúrtha nó ina dhuine dlítheanach, lena n-áireofar an cineál gníomhaíochtaí a dhéanann sé agus an fhoinse mhaoiniúcháin atá aige, agus beidh na cineálacha leasanna atá ag an duine sin sna himeachtaí eadrána inti freisin. Beidh an teachtaireacht scríofa sna teangacha a roghnaigh na páirtithe, i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 16 de na rialacha nós imeachta seo.

4. Tabharfar fógra faoi na teachtaireachtaí chuig na páirtithe ionas gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt fúthu. Féadfaidh na páirtithe a mbarúlacha a thabhairt don phainéal eadrána laistigh de 10 lá ó cuireadh an teachtaireacht.

5. Leagfaidh an painéal eadrána amach sa chinneadh uaidh na teachtaireachtaí uile a fuair sé atá i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta seo. Níl sé de cheangal ar an bpainéal eadrána na hargóintí a cuireadh i láthair sna teachtaireachtaí sin a phlé sa chinneadh uaidh. Déanfaidh an painéal eadrána aon teachtaireacht a fuair sé a chur ar fáil do na páirtithe sa chaoi gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt fúthu.

*Airteagal 14*

**Cásanna práinne**

Sna cásanna práinne dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 52 den Chomhaontú, déanfaidh an painéal eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, na teorainneacha ama a leagtar síos sna rialacha nós imeachta seo a choigeartú de réir mar a mheasann sé a bheith iomchuí agus cuirfidh sé na páirtithe ar an eolas faoi na coigeartuithe sin.

*Airteagal 15*

**Costais**

1. Íocfaidh gach páirtí na costais ar é a bheith rannpháirteach sna himeachtaí eadrána.

2. Is ar an bpáirtí cúisithe a bheidh cúram riarachán lóistíochta na n-imeachtaí eadrána, go háirithe eagrú na n-éisteachtaí, agus is é a íocfaidh na costais a eascróidh ó riarachán lóistíochta na n-imeachtaí eadrána. Os a choinne sin, iompróidh na páirtithe go comhionann le chéile caiteachas riaracháin na n-imeachtaí eadrána agus luach saothair agus caiteachas na n-eadránaithe agus luach saothair agus caiteachas a gcúntóirí.

*Airteagal 16*

**Teanga oibre na n-imeachtaí, na haistreoireachta agus na hateangaireachta**

1. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 50 den Chomhaontú, agus le linn an chruinnithe dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 5 de na rialacha seo ar a dhéanaí, déanfaidh na páirtithe a ndícheall teacht ar chomhaontú faoin teanga oibre choiteann le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil eadrána.

2. Murar éirigh leis na páirtithe teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, glacfaidh gach páirtí chuige féin na teachtaireachtaí i scríbhinn uaidh a aistriú go dtí an teanga a roghnaigh an páirtí eile, ach amháin má bhíonn na teachtaireachtaí scríofa i gceann de theangacha oibre EDT. Is é an páirtí cúisithe a bheidh i mbun ateangaireacht a dhéanamh ar na teachtaireachtaí ó bhéal go dtí na teangacha a roghnaigh na páirtithe.

3. Is sa teanga nó sna teangacha a roghnaigh na páirtithe a bheidh tuarascálacha agus cinntí an phainéil eadrána. Murar tháinig na páirtithe ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, is i gceann de theangacha oibre EDT a chuirfear tuarascáil eatramhach ar fáil agus tuarascáil deiridh an phainéil eadrána.

4. Iompróidh an dá pháirtí go comhionann le chéile na costais uile a bhaineann le cinneadh ón bpainéal eadrána a aistriú go dtí an teanga nó na teangacha a roghnaigh na páirtithe.

5. Féadfaidh páirtí amháin tuairimí a thabhairt faoina dhílse atá aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta seo.

6. Iompróidh gach páirtí costais an aistrithe ar na teachtaireachtaí i scríbhinn uaidh. Is iad na páirtithe a iompróidh costais an aistrithe ar chinneadh eadrána le chéile go comhionann.

*Airteagal 17*

**Na teorainneacha ama a ríomh**

Na teorainneacha ama uile a leagtar síos i dTeideal V (Díospóidí a chosc agus a réiteach) den Chomhaontú agus sna rialacha nós imeachta seo, lena n-áirítear na teorainneacha ama atá ar na painéil eadrána chun fógra a thabhairt faoi na cinntí uathu, is teorainneach ama iad a fhéadfar a athrú le comhthoil na bpáirtithe agus áireofar iad de réir laethanta féilire ón lá tar éis na gníomhaíochta nó tar éis an bhirt dá dtagraíonn siad, mura sonrófar a mhalairt.

*Airteagal 18*

**Imeachtaí eile**

Déanfar na teorainneacha ama a leagtar amach sna rialacha seo a choigeartú i gcomhréir leis na teorainneacha ama speisialta dá bhforáiltear le haghaidh glacadh cinneadh ón bpainéal eadrána sna himeachtaí de bhun Airteagail 54 go 57 den Chomhaontú.

**Iarscríbhinn a ghabhann leis an nós imeachta maidir le díospóidí a réiteach**

**CÓD IOMPAIR NA nEADRÁNAITHE**

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Agus an cód iompair á gcur i bhfeidhm, ciallaíonn:

– **"eadránaí"**: comhalta de phainéal eadrána arna chur ar bun faoi Airteagal 50 den Chomhaontú;

– **"cúntóir"**: duine nádúrtha a dhéanann, de bhua sainordú ó eadránaí, taighde dó sin nó a chuidíonn leis a dhualgais a dhéanamh;

– **"iarrthóir"**: duine a bhfuil a ainm ar liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 64 den Chomhaontú agus a bhfuil a roghnú mar eadránaí faoi Airteagal 50 den Chomhaontú;

– **"eadránaí"**: duine nádúrtha atá i mbun idirghabhála i gcomhréir le Airteagal 48 den Chomhaontú;

– **"baill foirne"**: na daoine nádúrtha atá faoi stiúir agus faoi rialú an eadránaí, ach amháin na cúntóirí.

*Airteagal 2*

**Prionsabail bhunúsacha**

1. Chun ionracas agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, beidh an méid seo fíor faoi gach iarrthóir agus gach eadránaí:

   a) cuirfidh sé eolas ar an gcód iompair seo;

   b) beidh sé neamhspleách neodrach

   c) seachnóidh sé gach coinbhleacht leasa, idir dhíreach agus neamhdhíreach;

   d) Seachnóidh sé gach sárú ar an eitic agus gach beart a d'fhágfadh le tuiscint go ndearnadh sárú ar an eitic nó ar an oibleagáid na neamhchlaontachta;

   e) cloífidh sé le dianrialacha iompair; agus

   f) ní bheidh sé faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, cúiseanna polaitíochta, agóidí poiblí, dílseacht do pháirtí ná eagla a cháinte.

2. Ní fhéadfaidh aon eadránaí oibleagáid a ghlacadh chuige féin ná luach saothair a ghlacadh, go díreach ná go neamhdhíreach, ar féidir go gcuirfidh sé cosc a chur ar cheartfheidhmiú a dhualgas, ná go gcuirfidh sé an chuma ar an scéal ar aon chaoi go ndearna sé sin.

3. Ní úsáidfidh gach eadránaí dualgais a phoist laistigh den phainéal eadrána chun freastal ar leasanna pearsanta ná príobháideacha. Staonfaidh gach eadránaí ó gach beart arbh fhéidir go dtuigfí as gur féidir le daoine eile tionchar a imirt air.

4. Áiritheoidh gach eadránaí nach mbeidh tionchar ar a iompar ná a bhreithiúnas ag caidreamh ná dualgais atá nó a bhí aige, de chineál airgeadais, tráchtála, gairmiúil, pearsanta ná sóisialta.

5. Staonfaidh gach eadránaí de thosú ar chaidreamh agus de leasanna airgeadais a fháil ar féidir go ndéanfaidh siad dochar dá neamhchlaontacht nó arbh fhéidir go bhfágfaidís le tuiscint go réasúnta go ndearnadh sárú ar an eitic nó ar oibleagáid na neamhchlaontachta.

*Airteagal 3*

**Oibleagáidí maidir le tuairisciú**

1. Sula ndeimhneofar gur roghnaíodh é mar eadránaí faoi Airteagal 50 den Chomhaontú, tuairisceoidh an t-iarrthóir aon leas, aon chaidreamh nó aon ábhar is féidir a dhéanfadh difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó arbh fhéidir go bhfágfaidísle tuiscint go réasúnta go ndearnadh sárú ar an eitic nó ar oibleagáid na neamhchlaontachta laistigh de na himeachtaí.

2. Chuige sin, déanfaidh an t-iarrthóir a dhícheall, a mhéid is féidir, teacht ar an eolas faoi aon leas, aon chaidreamh agus aon ghnó den chineál sin, baineadh siad le hairgeadais, leis an ngairm, lena phost nó lena theaghlach.

3. Ós oibleagáid bhuan í an oibleagáid tuairiscithe dá bhforáiltear faoi mhír 1, ní mór do gach eadránaí na leasanna sin, an caidreamh sin nó an gnó sin is féidir a thiocfaidh chun cinn tráth ar bith le linn na n-imeachtaí a thuairisciú.

4. Chun gur féidir leis na páirtithe iad a scrúdú, cuirfidh an t-iarrthóir nó an t-eadránaí Coiste CCE ar an eolas faoi na ceisteanna uile a bhaineann le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an gcód iompair seo a luaithe is féidir tar éis dóibh teacht ar an eolas fúthu

*Airteagal 4*

**Dualgais na n-eadránaithe**

1. Tar éis dó glacadh leis an gceapachán, beidh eadránaí in ann tosú ar a dhualgais agus cuirfidh sé i gcrích iad go mion agus go héifeachtach ó cheann ceann na n-imeachtaí agus é ag léiriú cothromais agus dúthrachta.

2. Is iad na ceisteanna a thógfar le linn na n-imeachtaí agus ar gá iad chun cinneadh a dhéanamh, agus na ceisteanna sin amháin, a scrúdóidh an t-eadránaí, agus ní tharmligfidh sé an dualgas sin chuig aon duine eile.

3. Déanfaidh an t-eadránaí gach beart is gá chun a áirithiú go mbeidh Airteagail 2, 3, 4 den chód iompair seo agus 6 ar eolas ag a bhaill foirne agus go gcloífidh siad leo.

*Airteagal 5*

**Oibleagáidí na n-iar-eadránaithe**

Ní mór do gach iar-eadránaí a áirithiú nach ngníomhóidh siad sa chaoi gur féidir a thuiscint gur léirigh siad claontacht agus iad ag déanamh a ndualgas nó gur bhain siad tairbhe as an gcinneadh ón bpainéal eadrána.

*Airteagal 6*

**Rúndacht**

1. Ní nochtfaidh aon eadránaí ná aon iar-eadránaithe tráth ar bith an fhaisnéis neamhphoiblí a bhaineann le himeachtaí nó a fuarthas le linn imeachtaí, ach amháin chun críoch na n-imeachtaí sin, agus ní nochtfaidh siad ná ní úsáidfidh siad in aon chor an cineál sin faisnéise lena leas féin ná le leas duine eile ná le haimhleas duine eile.

2. Ní nochtfaidh aon eadránaí cinneadh ina iomláine ná cuid de chinneadh ó phainéal eadrána sula mbeidh sé foilsithe i gcomhréir le hAirteagal 63 den Chomhaontú.

3. Ní nochtfaidh eadránaí ná iar-eadránaí riamh ábhar an phlé a rinne painéal eadrána ná tuairim aon chomhalta de.

*Airteagal 7*

**Caiteachas**

Déanfaidh gach eadránaí taifead ar an bhfad a chaith sé ar na himeachtaí, ar an gcaiteachas a rinne sé agus ar an méid ama a chaith a chúntóir agus ar an gcaiteachas a rinne sé agus cuirfidh sé isteach an ríomh deiridh chuig na páirtithe.

*Airteagal 8*

**Idirghabhálaithe**

Beidh an cód iompair seo i bhfeidhm mutatis mutandis maidir leis na hidirghabhálaithe.

________